RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/588 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Aibreán 2021

lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint, is é sin

"Stelvio"/"Stilfser" (STFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile maidir le formheas ar leasú ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh "Stelvio"/"Stilfser" atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 148/2007 ón gCoimisiún ([2]), arna mhodhnú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1132/2013 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Ós leasú nach mion an leasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh mar a cheanglaítear le pointe (a) d'Airteagal 50(2), den Rialachán sin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([4]).

(3) Maidir leis an bhfógra freasúra a chuir an tSualainn isteach an 23 Nollaig 2020, níor leanadh é le ráiteas freasúra réasúnaithe agus, dá bharr sin, meastar é a bheith tarraingthe siar.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Stelvio"/"Stilfser" (STFC) formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 148/2007 ón gCoimisiún an 15 Feabhra 2007 lena gcláraítear ainmneacha áirithe i gClár na sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint agus na dtásc geografach faoi chosaint (Geraardsbergse mattentaart (TGFC) — Pataca de Galicia nó Patata de Galicia (TGFC) — Poniente de Granada (STFC) — Gata-Hurdes (STFC) — Patatas de Prades nó Patates de Prades (TGFC) — Mantequilla de Soria (STFC) — Huile d'olive de Nîmes (STFC) — Huile d'olive de Corse nó Huile d'olive de Corse-Oliu di Corsica (STFC) — Clémentine de Corse (TGFC) — Agneau de Sisteron (TGFC) — Connemara Hill Lamb nó Uain Sléibhe Chonamara (TGFC) — Sardegna (STFC) — Carota dell'Altopiano del Fucino (TGFC) — Stelvio nó Stilfser (STFC) — Limone Femminello del Gargano (TGFC) — Azeitonas de Conserva de Elvas e Campo Maior (STFC) — Chouriça de Carne de Barroso-Montalegre (TGFC) — Chouriço de Abóbora de Barroso-Montalegre (TGFC) — Sangueira de Barroso-Montalegre (TGFC) — Batata de Trás-os-Montes (TGFC) — Salpicão de Barroso-Montalegre (TGFC) — Alheira de Barroso-Montalegre (TGFC) — Cordeiro de Barroso, Anho de Barroso nó Borrego de leite de Barroso (TGFC) — Azeite do Alentejo Interior (STFC) — Paio de Beja (TGFC) — Linguíça do Baixo Alentejo nó Chouriço de carne do Baixo Alentejo (TGFC) — Ekstra deviško oljčno olje Slovenske Istre (STFC)), IO L 46, 16.2.2007, lch. 14.

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1132/2013 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2013 lena bhformheastar leasú nach mion ar shonraíocht ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint (Stelvio/Stilfser (STFC)) (IO L 302 an 13.11.2013, lch. 20).

([4]) IO C 317, 25.9.2020, lch. 25.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Aibreán 2021.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún